

An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13793/26
ADD 1

JAI 1223
COPEN 362
CYBER 389
COPS 568
RELEX 1244
JAIEX 76
TELECOM 453
POLMIL 402
CFSP/PESC 1536
ENFOPOL 351
DATAPROTECT 305

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 522 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaráítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht laistigh de na Náisiúin Aontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh dréachtphrótacal lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 522 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 522 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2026
COM(2026) 522 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht laistigh de na Náisiúin Aontaithe,
thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh dréachtphrótacal lena bhforlíontar
Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta**

Iarscríbhinn

TREORACHA LE hAGHAIDH CAIBIDLÍOCHT A DHÉANAMH maidir le Prótacal lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta

ROINN 1 CUSPÓIRÍ

Maidir leis an bpróiseas caibidlíochta, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

- (1) Go bhfuil an próiseas caibidlíochta oscailte, cuimsitheach agus trédhearcach, agus go mbeidh sé bunaithe ar chomhar de mheon macánta.
- (2) Go gcumasaítear leis an bpróiseas caibidlíochta rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile ar bhealach fóinteach, lena n-áirítear sochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, an saol acadúil agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.
- (3) Go ndéantar an t-ionchur a fhaightear ó bhaill iomlán na Náisiún Aontaithe a mheas ar bhonn comhionann chun próiseas cuimsitheach a áirithiú.
- (4) Sula mbreithneofar an tsubstaint a d'fhéadfadh a bheith i bprótacal den sórt sin, go gcuirfear tús leis an bpróiseas caibidlíochta trí mhachnamh a dhéanamh ar oiriúnacht prótacail bhreise, lena n-áirítear measúnú ar na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ag prótacal den sórt sin, ar fhiúntas agus ar indéantacht an phrótacail sin.

Maidir le cuspóirí ginearálta na caibidlíochta, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

- (5) Agus an leibhéal cosanta is airde is féidir do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha á áirithiú, go bhfónann an Prótacal mar ionstraim éifeachtach d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha sa chomhrac domhanda i gcoinne na cibearchoireachta, a bhfuil sé d'aidhm aige bearta a chur chun cinn agus a neartú chun an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, chun comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a éascú freisin agus chun tacú le fothú acmhainneachta agus cúnamh teicniúil sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta.
- (6) Go bhfuil an Prótacal go hiomlán comhoiriúnach le cuspóir agus críoch Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta, lena n-áirítear a fhorálacha maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint. Go seachnaítear leis an bPrótacal aon tionchar ar a léirmhíniú agus ar a gcur i bhfeidhm ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 61, mír 4 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta, agus an tráth céanna go bhféadfaí forálacha an Choinbhinsiúin maidir le cosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a fhorlíonadh agus a neartú a thuilleadh.
- (7) Gur cheart do Bhallstáit an Aontais a bheith in ann dlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear cearta bunúsacha, saoirsí bunúsacha agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Gur cheart forálacha an Phrótacail a bheith i gcomhréir freisin le hoibleagáidí trádála idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát.

ROINN 2

SAINCHEISTEANNA SUBSTAINTEACHA

Maidir le substaint na caibidlíochta, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

- (8) Go bhfuil an Prótacal comhsheasmhach leis na Páirtithe ann, agus nach bhfuil aon éifeacht aige orthu, thar na cinn a bhunaítear in Airteagal 60 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta.
- (9) Go ndéantar foráil sa Phrótacal maidir le sainmhínithe ar chionta nach féidir a dhéanamh ach amháin trí úsáid a bhaint as córais faisnéise.
- (10) Ar choinníoll go ráthaítear coinníollacha agus coimircí leordhóthanacha agus cosaint leordhóthanach ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha, mar eisceacht ar an bprionsabal a leagtar amach i mír 15, go bhféadfaí foráil a dhéanamh sa Phrótacal maidir le sainmhínithe ar chionta is féidir a dhéanamh gan córais faisnéise a úsáid ach is féidir a chumasú trí chórais faisnéise a úsáid in imthosca áirithe, ach amháin i gcásanna ina n-athraíonn saintréithe nó tionchar na gcionta go substaintiúil le rannpháirtíocht na gcórais faisnéise.
- (11) Go bhfuil na cionta sainmhínithe go soiléir cúng ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Go bhfuil na sainmhínithe comhoiriúnach leis na sainmhínithe sin i gcoinbhinsiúin ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile, go háirithe i réimse na cibearchoireachta, agus le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha.
- (12) Go gcomhlánaíonn an Prótacal bearta Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta maidir le fothú acmhainneachta a chothú chomh maith le cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh.
- (13) Go ndéantar foráil sa Phrótacal maidir le bearta comhair lena gceadaítear d'údaráis i Stáit éagsúla ar páirtithe iad sa Phrótacal comhoibriú go héifeachtach trí chúnamh dlíthiúil frithpháirteach chun críche imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí a bhaineann le cionta, ar cionta iad a shainítear sa Phrótacal i gcomhréir leis na coinníollacha agus na coimircí a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta agus, b'fhéidir, sa Phrótacal.
- (14) Go bhfuil na bearta comhair sin comhoiriúnach le coimbhinsiúin ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile, go háirithe i réimse na coireachta eagraithe nó na cibearchoireachta, agus nach dtagann siad salach ar choinbhinsiúin den sórt sin, ar chaighdeáin idirnáisiúnta chearta an duine ná ar shaoirsí bunúsacha.
- (15) Go bhfuil bearta comhair faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear le dlí an Pháirtí iarrtha agus faoi réir an fhorais leathain le diúltú atá i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta.
- (16) Go bhfuil an Prótacal go hiomlán comhoiriúnach agus faoi réir na gcoinníollacha dochta agus na gcoimircí láidre atá i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta chun a áirithiú gur féidir le Ballstáit den Aontas cearta bunúsacha, saoirsí bunúsacha agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais a urramú agus a chosaint mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Go seachnaítear leis an bPrótacal aon tionchar ar a léirmhíniú agus ar a gcur i bhfeidhm ina dhiaidh sin i gcomhréir le

hAirteagal 61, mír 4 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta, agus an tráth céanna go bhféadfaí forálacha an Choinbhinsiúin maidir le cosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a fhorlíonadh agus a neartú a thuilleadh.

- (17) Go mbraitheann an Prótacal ar an sásra chun a chur chun feidhme a áirithiú, sásra dá bhforáiltear i gCaibidil VIII de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta agus go bhfuil sé comhoiriúnach le forálacha críochnaitheacha an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear maidir le réiteach díospóidí, síniú, daingniú, glacadh, formheas agus aontachas, teacht i bhfeidhm, leasú, fionraí, séanadh agus taisce agus teangacha.

ROINN 3

AN NÓS IMEACHTA CAIBIDLÍOCHTA

Tríd is tríd, is mar seo a leanas a bheidh an nós imeachta caibidlíochta:

- (18) Ba cheart don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais, maidir le hábhair a thagann faoina inniúlacht, i gcomhréir leis na Conarthaí.
- (19) Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh a áirithiú go bhfuil an Prótacal comhsheasmhach le reachtaíocht agus le beartais ábhartha an Aontais, agus le gealltanais an Aontais faoi chomhaontuithe agus prótacail iltaobhacha ábhartha eile.
- (20) Ní mór an chaibidlíocht, lena n-áirítear gach babhta caibidlíochta, a ullmhú i bhfad roimh ré. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún an Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla, ina cáil mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) CFAE (dá ngairtear ‘an coiste speisialta’ anseo feasta), ar an eolas faoin sceideal atá beartaithe agus faoi na saincheisteanna a bheidh le caibidil agus roinnfidh sé an fhaisnéis ábhartha a luaithes is féidir.
- (21) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le linn phróiseas na caibidlíochta, lena n-áirítear trí theagmhálacha rialta le saincheistithe na mBallstát agus le hionadaithe i Vín agus i Nua Eabhrac.
- (22) Roimh na seisiúin chaibidlíochta, beidh cruinniú ag an gcoiste speisialta chun na príomh-shaincheisteanna a shainaitheint, tuairimí a cheapadh agus treoraíocht a sholáthar, lena n-áirítear dearbhuithe agus forchoimeádais a cheapadh, de réir mar is iomchuí.
- (23) Tuairisceoidh an Coimisiún don choiste speisialta maidir le toradh na caibidlíochta tar éis gach seisiúin caibidlíochta.
- (24) Cuirfidh an Coimisiún an coiste speisialta ar an eolas faoi aon saincheist thábhachtach a d’fhéadfadh a theacht chun cinn le linn na caibidlíochta, agus rachaidh sé i gcomhairle leis maidir leis na saincheisteanna sin.